# Guth Ghoill

**€3**



## Cuimhní Nollag

Is cuimhin liomsa Nollaigí
Nach bhfillfidh ar ais chóiche,
Nuair a bhínn ag tarraingt gainimh
Is mulláin bheaga chladaigh
Is á scaradh os comhair an tí.

Is cuimhin liom an t-eidheann
Is an cuileann lena thaobh
Thuas ar bhallaí geala,
Is boladh cumhra an aoil.

Is cuimhin liom na coinnle
Lasta i bhfuinneoga,
Is gach áras ina lóchrann geal
Ag soilsiú an bhóthair do Chríost.

Anois ag triall ar bhóithre an doichill dom
Is na cuimhní úd do mo chrá,
D'fhearr liom go mór díchuimhne
Ná méadú ar mo chás

*Máirtín Ó Direáin*

**Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.**

**Fón:** 074 9154830 / **Rphost:** ceimaniar@eircom.net / **Facebook:** Céim Aniar Teo

# An Clár


Nollaig ar an Ard Bhán .................. 3

Muíntír Mhící John ...................... 8

Féile Chéim Aniar ....................... 28

Siflíocht ............................... 30

Padraig Ó Cuilinn ....................... 32

Comórtas Peile na Gaeltachta ......... 38



Ár mbuíochas do

Sally Bn Uí Ghallchóir. An Mhuirleog

Agus do

Ristéárd Ó Conghaile, Umlach

As ucht na bpictiúirí a chur ar fáil

# Nollaig ar an Ard Bhán



An Baile Láir

**Nollaig sna Daicheadaí.**

“Bhfuil na gasúraí a’ teacht fá choinne na Nollag?” “Tá” a d’fhreagair sí, “ach beidh beirt nach mbeidh.” Ba seo Muiris agus Den, an bheirt a thit sa chogadh. Ba sin Nollaig na bliana 1945. Bhí an cogadh thart agus bhí sórt sonais ar dhaoine, bhí néal dorcha an chogaidh ar shiúl.

Cha raibh mise ach i mo thachrán ach is cuimhneach liom Fanny William Sheáin a bheith ag déanamh réidh fá choinne na ngasúraí a bhí ag teacht ó Shasana agus as Albain. Maraíodh a mac Den agus a cholceathair Muiris ( Dhónaí) cúpla mí roimhe sin sa Chogadh Mhór a raibh deireadh leis anois.

**An Baile Láir, An Baile Uachtarach, Baile ‘n tSléibhe agus an Droim Rua.**

Tá an tArd Bán, mar a d’inis mé daoibh cheana roinnte ina cheithre pháirt – An Baile Láir, An Baile Uachtarach, Baile an tSléibhe agus an Droim Rua. I ndaonáireamh (census) mo chuimhne bhí thart fá



An Droim Rua

cheithre scór cloigne 'na gcónaí ann agus muid uilig isteach agus amach ag a chéile achan lá.

Ar theacht na Nollag thosódh na fir uilig ag glanadh na gclaíocha, ag cóiriú geaftaí a bhí briste, ag glanadh amach an sciobóil agus an bhoithigh. Bhí sórt traidisiún ann go gcaithfí achan rud a ghlanadh fá choinne teacht Íosa Críost. Bhí glanadh mór déanta ar na tithe taobh istigh agus an glanadh is mó déanta ag sacraimint na faoistine. Cha raibh teach pobail ar bith san Íochtar ach thiocfadh an sagart chuig an dá scoil lá agus théadh achan duine chun faoistine aige.

San am sin ba ghnách le achan teaghlach turcaí a reamhrú don Nollag agus maraíodh an créatúr bocht cúpla lá roimh an Nollaig agus bheadh sé crochta ar chúl dorais go dtí go mbeadh sé plucáilte. Obair mhór a bhí sa phlucáil mar chaithfí é a dhéanamh go cúramach ionnas nach stróicfí craiceann an éin. Níl cuimhne agam caidé a rinneadh leis na cleiteacha. ( B'fhéidir go mbeadh fhios ag Proinnsí sin).

Oíche Nollag, 'sé sin an oíche romh lá Nollag cuireadh cuileann suas ar chúl na bpictiúr naofa a bhí crochta ar na ballaí. Bheadh achan rud réidh fá choinne dinnéar na Nollag, 'sé sin bheadh na prátaí nite agus na glasraí glanta agus an turcaí nite agus cuachta suas in éadach geal. Corr Nollaig cha bheadh againn ach sicín ach níl dochar a bheith ag maíomh! Tá cuimhne agam mo mháthair mhór a bheith ag marú turcaí bliain amháin. 'Sé an dóigh ar mharaigh sí é ná gur ghearr sí an ceann de. D'éalaigh an turcaí agus bhí sé ina rith thart fán tsráid ar

feadh tamaill mhaith gan ceann ar bith air. Dá b'é anois a tharlódh sé sin nach iontach an rud a bheadh ann le cur ar 'Facebook'.

Tháinig na gasúraí 'na bhaile an bhliain sin, scaifte acu, go teach Chanainn. Bhí John, Barney, Pat agus Francie. Bhí siad ó theach go teach ag réiceáil agus is cuimhin liom Barney ag tabhairt leathchoróin an duine domh fhéin agus do mo dheirfiúr. Airgead mór san am. Bhí Nollaig shonasach againn an bhliain sin. Cha raibh amhail ná aithne agam ar an bheirt a thit sa chogadh ach is cinnte go mbeadh brón i gcroíthe a muintire. Sin mar is cuimhneach liom an Nollaig sna daicheadaí.

Na blianta ina dhiaidh sin cha raibh oiread daoine ag teacht 'na bhaile chun an Aird Bháin. Tá cuimhne agam bliain amháin gur thit fear as Doire a' Chasáin, duine de chlann Dunn John Thuathail, amach as bád Dhoire ar an bhealach 'na bhaile. Báthadh é agus d'fhág sin an áit cráite.

**Imirce.**

Bhí an Nollaig uaigneach ar an Ard Bhán nuair a thosaigh daoine ag fágáil. Sa bhliain 1953 d'imigh clann Thuathail Dhonchaidh Rua go Londain. Ba sin teach a raibh neart craic ann. Bhíodh Peigí ag glanadh agus ag péinteáil agus ag ní cúirtíní roimh an Nollaig. Bhí sé ar theach chomh néata nua-aimseartha agus a bhí ag gabháil. Bhí sorn dubh snasta acu agus potaí geala snasta ina shuí air. Bhí cuileann ar chúl na bpictiúr agus boladh ciste milis i gcónaí ann.


An Baile Uachtarach

Bhí teach Andy Bhoydie ar an taobh eile den chasán, d'imigh an teaghlach uilig, seisear páistí agus an t-athair agus an mháthair go Paisley na hAlban an bhliain chéanna. D'fhág siad brón agus buairt ina ndiaidh.

**An Baile Láir**.

Anois an Baile Láir, m'áit fhéin, agus áit nach raibh brón ná buairt ann san am. Bhíodh Nollaig ghnoitheach acusan. Bhíodh muintir Ned Mhicí Eoghain, Neilí Thuathail, Peigí Bhán agus a gcomharsa Ellen John Phaidí ag cniotáil don Nollaig. Geansaithe is mó a bhíodh a chniotáil acu - 'Fair Isle' agus achan sórt dearaidh (design), agus iad ag cniotáil gan plean ná patrún - amach as a gceann. Chan fhaca mé a leithéidí ariamh ó shin. Bhí na mná sin thar a bheith cliste. Dio- maite do bheith ag cniotáil, bhí Ellen ag fuáil. Bhíodh sí ag déanamh gúnaí galánta do ghirseachaí fá choinne damhsaí agus bhí a cisteannach cosúil le 'Brown Thomas' idir gheansaithe agus ghúnaí. Bhí gnó eile a reáchtáil ar an Bhaile Láir fosta—cha bhéinn ábalta inseacht cé a bhí ag gabháil dó nó chaithfinn a dhul ar faoistin chuig an Easpag. Ach bhí éileamh mór air am na Nollag, bheadh tiún mhaith ar mhuintir an bhaile nuair a gheobhadh siad buidéal de Bhraon an Bhaile Láir. 'Craft Digh' a bhéarfaí air anois.

**I nDiaidh na Nollag.**

Lá arna mhárach i ndiaidh na Nollag chuaigh mise i gcónaí ar cuairt chuig mo chairde, muintir Mhac Rodaí ar an Droim Rua. Rachadh muid ó theach go teach -- chuig Peigí, ansin chuig Máire, bean a bhéarfadh cáca milis dúinn agus a déarfadh linn, 'Gura míle maith agaibh ar son an chuairt dheas sin'. Yankee a bhí inti. Ansin théadh muid ag Biddy Mhuintir Bhiddy áit a n-inseodh Muiris scéal ón Raidió dúinn. Ansin an chuairt dheireanach ar Anne agus Brianaí Beag,


Baile 'n tSléibhe

scéalaí agus seanchaí a d'inseodh scéal fán Ghobán Saor dúinn. Déarfadh sé i gcónaí: " Nach bhfuil an scéal sin níos fearr ná ceann Phádraig John Phaidí" ach deirfinnse i gcónaí go raibh Pádraig níos fearr mar gur bhuaidh sé Corn an Oireachtais, rud a bhí fíor. So! Idir scéalaithe, ghúnadóirí, chniotálaithe agus lucht déanta digh cha raibh uaigneas ar bith ar an Bhaile Láir.

Ach mheath na ceirdeanna agus dheamhan mórán atá ag gabháil ar aghaidh ann anois. Tá teach Mhac Rodaí ann go fóill, (bhuel Teach Mhic Laifeartaigh anois) é go beo beathach chun fáilte a chur romham agus an chlann úd a d'fhág sa bhliain 1953 tháinig siad ar ais agus tá teach galánta tógtha acu ar an Bhaile Uachtarach agus fearadh na fáilte acu romhainn uilig.

Tiocfaidh an Nollaig achan bhliain . Bhí Nollaig shona, Nollaig bhrónach, Nollaig uaigneach, Nollaig bhán agus Nollaig ghlas ag teacht agus ag imeacht fríd na bliantaí agus beidh. Tá súil agam go mbeidh Nollaig mhaith agaibh uilig i mbliana agus go mbeidh na haingle agus na haoirí agus na fir chríonna ón Domhan Thoir ag leanstan na réalta trasna an chnoic agus iad ag ceol:

" Glór do Dhia sna harda

Agus síochán do na daoine

Ar fud an Domhain"

***Nollaig Shona daoibh uilig.***

~ *Finola Harte.*

# Muintír Mhicí John.


Seanteach Mhící John

Suite faoi fhoscadh na gcnoc i mbaile fearainn Ghort na Luchóg tá seanteach mhuintir Mhicí John, os a chomhair amach tá báíghe na Maoil Ruaidhe agus trasna uaidh ar an taobh eile den bháighe tá Dumhach Mór i Leithinis Fhánada, teach stór go leith a bhí ann faoi bhun Chnoc a' Staighre. Thuas os a cheann ar chnoc Ghort na Luchóg tá an 'hut' – sin an teach faire atá ansin ó aimsir an chogaidh agus a húsáidíodh le súil ghéar a choinneáil ar rud ar bith neamhghnách a bhí ag dul ar aghaidh amuigh ar an fharraige mhór ag an am. Tá an baile fearainn suite idir Dún Dúbháin agus an Meall Mór, rud a fhágann go bhfuil sé ar cheann de na bailte fearainn is faide ó thuaidh in Íochtar Ros Goill agus is dócha go dtiocfaí a rá go bhfuil sé ar cheann de na bailte fearainn is lú san Íochtar fosta. Mar gheall ar sin cha raibh an daonra a bhí ansin rómhór ag aon am; i ndaonáireamh na bliana 1901 bhí seisear teaghlach ann agus daonra de 42, sa bhliain 1911 bhí ochtar teaghlach agus daonra de 49. B'iad na teaghlaigh a raibh cónaí orthu ann ná: Mac Giolla Bhríde(2), Mac Suibhne, Ó Gallchóir agus Mac Lochlainn, ainmneacha atá coitianta go leor fán Íochtar. Cha shílim go bhfuil sé riachtanach míniú a thabhairt ar ainm an bhaile, cé acu bhí cuid mhór luchóg fá na goirt anseo sa tseanam nó nach raibh b'iad a bhaist an baile fearainn lena n-ainm.


An Loch Mór



An Murder Hole

## *An Loch  Mór agus an Murder Hole.*

Daoine a thug cuairt ar an 'Murder Hole' ariamh   nó a shiúil amach go barr Chnoc na Sleá nó go barr Chnoc Ghort Na Luchóg  cha dtiocfadh leo gan an Loch Mór a fheiceáil, loch a bhfuil leaba shuaimhneach aici  follaithe istigh faoi bhun na gcnoc agus ar shiúl ón saol mór. Dá suífeá sa fhraoch ós cionn an locha tráthnóna aoibhinn  Samhraidh d'fhéadfadh  an draíocht a d'fheicfeá os do chomhair tú a chur faoi gheasa – ealaí ag neadú ar na bruacha  's  ag éálú go slítheánta isteach san uisce ó am go chéile, a bhfuarú fhéin i ndiaidh bhrothall an lae, ach iad, ag an am chéanna, ag coinneáil súil ghéar i gcónaí ar a gcuid uibheacha sna neadracha ar na bruacha. Nuair a dhéanfadh siad contúirt a mhothú shleamhnódh siad go formhothaithe isteach ar  na neadracha lena gcuid uibheacha a ghoradh, a choiméad agus a chosaint. Cé go bhfuil sé i ndeis de thrí fichid bliain ó chonaic mé an radharc seo don chéad uair,  i  gcuideachta  m'uncail Eoin, is cinnte go deachaigh a raibh le feiceáil agam go mór i bhfeidhm orm, ealaí agus a gcuid neadracha agus  uain óga ag súgradh fá na carraigeacha, b'aoibhinn an radharc é i dtost an tráthnóna Samhraidh úd  ag deireadh na gcaogaidí.

De thairbhe go bhfuil an loch seo follaithe faoi scáth na gcnoc chan mór an méid gréine a gheobhann sé sa Gheimhreadh, rud a fhágann go mbíonn doimhneacht d'oighreog uirthi le línn tréimhse aimsire ina mbíonn siocán trom ann. Chan loch é a bhfuil eolas ag mórán daoine faoi as siocar é a bheith scoite amach ar an iargúltacht, 'sé sin taobh amuigh de bhunadh na háite agus sa lá atá inniu ann na turasóirí a bhíonn ag tarraingt ar an 'Murder Hole'. Tá an tráigh ag an 'Murder Hole' istigh faoi scáth Chnoc na Sleá agus faoi chosaint na mbeanna agus na méilte, áit nach bhfuil fhios ag duine ná deoraí cén dóigh ar baisteadh an t-ainm uafásach sin uirthi.

## *Síopa ag an Loch Mór.*



An Loch Mór leis na healaí agus clocha le feicéail ar an fhéar ó sheanbhallóga an tsiopa

In eagrán eile de Ghuth Ghoill rinne muid cur síos ar shiopa a bhí suite in aice leis an Loch Mór. Ar imeall an locha, ar thaobh an Mhill Mhóir de, tá clocha na seanbhallóige le feiceáil go fóill. Ba seo teach cónaí Bhidí Phaidí Óig ( Bidí Mhic Giolla Bhríde). Bhí deirfiúr dá cuid pósta i nDumhach Beag i bhFánaid ar dhuine de bhunadh Mhic A'tSaoir agus tháinig mac díthe a raibh James air anall tigh Bhidí agus thosaigh sé siopa éadaigh i dtigh a aintín in aice leis an Loch Mór. Is cosúil go bhfaca sé riachtanas de shórt éigin maidir le stíl éadaigh bhunadh Ros Goill, go háirithe i measc na mban!

Ba ghnách leis a dhul go Glaschú achan mhí leis an éadach agus na bróga ba nua-aimsearaí a cheannacht. Nuair a bhíodh an t-éadach agus na bróga ceannaithe aige chuireadh sé an lód isteach i gcúpla braitlín, ceann ar achan ghualainn agus bhéaradh sé a aghaidh ar Dhún nan Gall, ar Ghort na Luchóg agua ar an Loch Mór. Nuair a bhíodh lód úr istigh rachadh an scéala amach agus dheamhan i bhfad go mbíodh na scaiftí de ghirseachaí óga ag tarraingt ar shiopa Mhic A'tSaoir ag an Loch Mór as achan chearn den pharóiste agus anall as Fánaid. Cha raibh feidhm ar bith san am sin le 'Facebook' ná 'Twitter'. Cha raibh bealach mór ar bith 'na Mhill Mhóir ag an am sin ach oiread agus théadh daoine amach Cnoc a' Staighre ar chúl tigh Mhicí John agus ansin síos

Cnoc a' Dochartigh. Ba seo an aicearra.

Is deacair a rá anois cé mhéid bliain a mhair an siopa seo ach níl amhras ar bith ná gurbh iontach an éacht a bhí ann siopa rathúil a reáchtáil in áit a bhí chomh scoite amach agus chomh iargúlta.

## Colainn gan Cheann.

Bhí áit eile i nGort na Luchóg a raibh ainm aisteach uirthi agus ba sin an áit ar tugadh 'Colainn gan Cheann' uirthi, bhí an áit seo ar an mhalaigh trasna ó theach Mhicí John. Glacadh leis gur curtha san áit seo a bhí colainn fir nach raibh cloigeann ar bith air. Cé acu sin mar a bhí nó nárbh ea sin mar a tugadh é le tuiscint dúinne. Maidir le cá as a tháinig an corp seo 'sé an scéal a chuaigh leis ná gur fear a chuaigh amach ag sleamhnú ar an Loch Mór le linn de a bheith faoi chlúdach oidhreoige agus gur bhris an oighreog faoina chosa,cailleadh é faoin oighreog agus bádh é. Cha dtángthas ar an chorp go dtí gur bhisigh an aimsir agus gur leáigh an oighreog agus nuair a fuarthas an cholainn cha raibh cloigeann ar bith air. Bhí an oighreog, de réir cosúlachta, chomh tiubh agus chomh géar sin nuair a bhris sí, gur baineadh an cloigeannn den fhear.

Níl fhios agam an bhfuil fírinne ar bith sa scéal seo nó an scéal é a h-insíodh do pháistí lena gcoinneáil ar shiúl ón Loch Mór. Fíor nó bréagach an scéal caithfear admháil gur aisteach an t-ainm é agus go gcaithfí go raibh údár éigin leis an ainm. Níl fhios agam an bhfuil gaol ar bith idir an 'Murder Hole' agus 'Colainn gan Cheann'.

## John Mór ( Mac Giolla Bhríde).

Ag dul siar go dtí deireadh an ochtú céad déag (1770—1800) bhí Éamonn Mac Giolla Bhríde ina chónaí tigh Mhicí John agus i measc na clainne a bhí aige bhí mac a raibh John Mór air. Phós John Mór bean as Cnoc na Marbh a raibh Máire 'Ac


An Hostel (Tra na Rossan House)

Fhionnlaoich uirthi agus bhí seisear clainne acu – Micí (1852), Annie, Muiris, Hughie (1864), James (1859) agus Sarah ( 1858). Bhí Sarah ( Sally) pósta le Séamus Mór Ó Luodhóg as Dún Dubháin. Ba seo an dara bean a bhí ag Séamus Mór. Fuair Hughie bás nuair a bhí sé ocht mbliana déag agus Annie (Nancy) nuair a bhí sí dhaichead.

## Micí John.

Bhí Micí ar an duine ba sine i gclann John Mór agus b'í Kate Nic a'tSaoir as Baile na Deora an chéad bhean a phós sé ach fuair sí bás ag tabhairt a céad duine clainne 'un tsaoil, ba sin Máire (1884). Phós Máire John Ó Siadhail ( John Nóra) as Dún Dubháin. Ba Neilí Eoin Dhónail ( Nic Giolla Bhríde), as Gort na Luchóg, an dara bean a phós sé agus bhí difríocht mhór aoise eatorra, dhá bhliain agus fiche. Pósadh iad sa bhliain 1891 agus bhí cúig cloigne déag de chlann acu ach char mhair beo ach deichniúr acu. Garraídóir agus feirmeoir a bhí in Micí John agus chaith sé páirt mhaith dá shaol ag obair sa gharraí ag Lady Philmore, ag an teach sin a dtabharann muid an 'Hostel' air inniu. Fuair Micí John bás i 1926 agus é ceithre bliana déag agus na trí scór.

## Neilí Eoin Dhónail.


Neilí Eoin Dhónail

Bhí Eoin Dhónail, athair Neilí Eoin Dhónail, pósta ar Shorcha Nic Suibhne as an Raplach. Pósadh iad sa bhliain 1867, cha raibh Eoin ach naoi mbliana déag agus Sorcha seacht mbliana déag nuair a pósadh iad. I ndiaidh don Tiarna Liatroma bunadh Eoin Dhónail a dhíshealbhú (evict) d'imigh Eoin Dhónail agus Sorcha go Meiriceá. Rinne báilithe Liatroma an teach a dhódh lena chinntiú nach dtéadh duine ar bith a chónaí ann arís. Rinne Eoin Dhónail agus a bhean Sorcha cónaí i Philadelphia áit ar rugadh a gclann, Neilí, Bríd agus Máire.Tá siad le fáil i ndaonáireamh Philadelphia don bhliain 1880. Rugadh Neilí timpeall 1874, Bríd 1875 agus Máire 1877. Is cosúil go dtáinig siad 'na bhaile an bhliain ina dhiaidh sin mar go raibh Neilí ocht

mbliana d'aois nuair a tháinig sí go hÉirinn. Pósadh Bríd sa bhliain 1893 ar Hughie Mac Allister as Glinsk agus pósadh Máire ar Fardy Mac Giolla Bhríde as Dún Dubháin sa bhliain 1896.



Ballóga Theach Eoin Dhónail i nGort na Luchóg

## *Micí John Mac Giolla Bhríde agus Neilí Eoin.*

Mar a dúirt mé rugadh cúig cloigne déag de chlann do Mhicí John agus do Neilí Eoin, dhá set cúplaí ina measc ach fuair cúigear dá gclann bás ina leanaí. Ina measc siúd a fuair bás bhí cúpla agus leathchúpla a fuair bás go luath i ndiaidh a theacht un tsaoil. Fuair beirt de na páistí, Fenny agus Joseph bás nuair a bhí siad ceithre bliana d'aois.As an deichniúr clainne a bhí beo cha raibh ach an t-aon  ghasúr amháin ann, ba sin an leathchúpla Eoin. Is dócha go raibh Neilí Eoin imníoch go maith nuair a rugadh an dara set cúplaí sa bhliain 1905 os rud é go bhfuair an chéad set cúplaí bás traidhfil blianta roimhe sin go luath i ndiaidh dóibh a theacht 'un tsaoil. Bhí an t-ábhar aici a bheith imníoch mar go  bhfuair leathchúpla bás an iarraidh seo fosta, go luath i ndiaidh a theacht 'un tsaoil. Cha raibh an mhuintir a bhí ag tabhairt cúraim di  ag iarrraidh an drochscéala a thabhairt di go dtí go mbeadh sí ábalta fána choinne. Mar sin de nuair a d'iarr sí  an cúpla a fheiceáil tugadh isteach leanbh amháin ag an am ach ba Eoin a tugadh isteach an dá iarraidh. Bean chiúin chráifeach a bhí i Neilí  Eoin a d'oibrigh go cruaidh agus a choinnigh aici fhéin. Fuair sí bás i mí Eanáir na bliana 1961 agus í seacht mbliana thar na ceithre scór.

## *An Hostel.*



An Chrois ag Tráigh na Rossan

Ba sa Hostel a d'oibrigh Micí John mar gharraíodóir. Bean uasal a raibh Lady Philmore uirthi a thóg an teach saoire seo di fhéin agus Tranarossan House a bhí mar ainm aici air. Ba é Sir Edwin Lutyens a dhearaigh an teach di. Bhí

an fear seo ina ailtire ag Impireacht na Breatainne agus bhí an-cháil air. Bean chineálta a bhí inti a thuig cruatan agus anás na ndaoine. Ba í a thóg an chrois i dTrá na Rossan fosta mar gur mheas sí go dtiocfadh le daoine Dia a adhradh ansin le linn tréimhsí drochaimsire agus nach mbeadh orthu siúl go Teach Pobail Charraig Airt. Ach rinne na daoine neamhaird don ghníomh carthannach seo.Nuair nach raibh úsáid ar bith don teach a thuilleadh thug sí é don Óige i lár na dtriochaidí.

## An Chlann.


Sally Mhící John

**Sally**: Rugadh Sally sa bhliain 1892. Bhí sí pósta le Pat Gallagher i Mín a Lábáin. Feirmeoir a bhí in Pat agus chaith Sally a saol ag cuidiú leis ar an fheirm in Sacar in aice le Mín a' Labáin. Triúr de chlann a bhí acu, Willie agus an cúpla Danny agus Micheal Joseph. Mar a tharla go minic san am atá caite tugadh Micheal Joseph go Gort na Luchóg, áit ar thóg Neilí Eoin, a mháthair mhór, é. Ba seo le faoiseamh a thabhairt dá mháthair, dar ndóigh cha raibh an tacaíocht chéanna na an treallamh céanna ann sa am sin agus tú i mbun tógáil clainne, go háirithe dá mbeadh cúpla agat. Fuair an leathchúpla Danny, a bhí ina sháirsint sna gardaí ar an Charraig i nGleann Cholm Cille, bás le hailse sa bhliain 1979 agus gan é ach na trí bliana ós cionn an leathchéad. Fuair a dheartháir eile Willie bás traidhfil blianta ós shin. Fuair a mháthair Sally bás sa bhliain 1968.

**Bríd**: Rugadh Bríd sa bhliain 1893. Pósadh í ar Daniel Mc Connelogue, feirmeoir as Mín a Lábáin. D'oibrigh Bríd í fhéin go cruaidh ar an fheirm, áit a raibh ainmhithe agus muca a gcothú acu agus chomh maith le sin reáchtáil Bríd siopa beag ón tigh. Bhí an fheirm seo cóngarach don áit a raibh a deirfiúr Sally ina cónaí in aice le Mín a' Lábáin. Bhí ceathrar clainne ag Bríd agus Daniel: Máire, Josephine, Ellen Ann agus Susanne. Bhí a sáith de bhuaireamh an tsaoil acu fosta mar go bhfuair Josephine bás ina tachrán trí bliana d'aois agus cha raibh Susanne ach seacht mbliana déag nuair a fuair sise bás sa bhliain 1947. Fuair Bríd í fhéin bás an bhliain chéanna agus gan í ach na ceithre bliana thar an leathchéad.


Annie

**Annie:** Rugadh Annie sa bhliain 1896. Gúnadóir (dressmaker) a bhí in Annie agus phós sí Paidí Mhicí Bán (Ó Gallchóir), siúinéir as Cluain tSaileach. Chaith siad tréimhse de bhlianta in Albain sular phill siad ar an bhaile. Thóg siad teach úr i mBaile Raithin i Leitir Ceanainn sna caogadaí ach ar an drochuair chan fhuair Paidí an deis na blianta deireanacha a chaitheamh ar a sháimhín só sa teach úr. Fuair sé bás i mí na Nollag 1965 agus gan é ach na ceithre bliana is trí fichid. Bhí triúr clainne ag Paidí agus Annie, Gerard, Annemarie agus Eileen ach fuair Gerard agus Annemarie bás ina dtachráin. Tá Eileen pósta i Leitir Ceanainn ar Charlie Mac Fhionnlaoich. Fuair Annie bás sa bhliain 1976 agus í ceithre fichid bliain.


Ellen

**Ellen:** Rugadh Ellen sa bhliain 1897. Chaith sí tréimhse i Meiriceá ach cha raibh mórán taitnimh aici dó agus tháinig sí na bhaile áit ar phós sí Neidí Mhící Dhonchaidh ( Ó Gallchlóir) agus chaith siad a saol ar an Chloich Bháin. Bhí talamh ag Neidí ar an Mheall Mhór agus rinne sé ainmhithe a chothú ansin ar feadh na mblianta. Bhí beirt chlainne acu, Paidí a fuair bás níos luaithe i mbliana agus Máire a bhfuil a saol caite aici i Chicago. Bhí aithne mhaith ar Phaidí fán cheantar mar gur chaith sé neart blianta ag Óstán Ros na Binne ag tabhairt ceachtanna gailf. Chaith sé tréimhsí fada i Chicago agua i nGlaschú fosta. Fuair Neidí bás sa bhliain 1975 agus é trí bliana agus na ceithre scór ach thug Ellen saol fada léithe agus bhí sí cúig bliana déag agus na ceithre scór nuair a fuair sí bás sa bhliain 1992. Bean ghealgháireach chroíúil a bhí in Ellen agus í lán grinn.


Kate

**Kate:**: Rugadh Kate sa bhliain 1901. Cláiríneach a bhí inti a bhí faoi mhíchumas le linn a saoil. Ach char chuir sin isteach go rómhór ar a

pearsantacht mar gur bhean lách ghealgháireach a bhí inti, bean a rinne a bheag dá míchumas agus na deacrachtaí a bhain leis, bean a bhí ábalta greann a fheiceáil sa saol timpeall uirthi. Ach an rud ba thábhachtaí ina saol ná a creideamh i nDia agus bhí doimhneacht ag baint le seo. Cé go raibh deacrachtaí aici maidir le siúl de mar go raibh cos amháin níos giorra ná an ceann eile char chuir seo bac ar bith uirthi nuair a bhí a gaol le Dia i gceist. Rinne sí an chéad Aoine go rialta ar feadh na mblianta. B'iomaí maidin Aoine, i ndúlaíochta an Gheimhridh, a d'fhágadh sí Gort na Luchóg ag a cúig a chlog ar maidin agus é dubh dorcha agus shiúladh sí an bealach ar fad go Teach Pobail Charraig Airt. Nuair a bhiodh misean sa pharóiste shiúladh sí chuig an Aifreann ar maidin agus ansin tráthnóna shiúladh sí go Teach a' Phobail arís le haghaidh searmanas an tsagairt. Bhí doimhneacht agus díogras thar an gnách ina creideamh. Cha raibh Kate pósta agus fuair sí bás i Mí Márta 1972.

**Eoin:** Rugadh Eoin sa bhliain 1906. Leathchúpla a bhí ann. Fuair an leathchúpla eile bás go luath i ndiaidh a theacht 'un tsaoil.Chaith Eoin a shaol ar an fheirm agus bhí a chroí ina chuid stoc agus a chuid caorach. Bhí colceathair ag muintir Mhicí John arbh léithe Teach Bhella (an Síbín Ceoil anois) agus ba sin Sorcha Sweeney. D'fhiafraigh sí d'Eoin an mbeadh an teaghlach i nGort na Luchóg sásta amharc ina diaidh dá bhfágfadh sí an teach leanna acu. Chuaigh Sorcha Sweeney go Gort na Luchóg i 1950 agus char fhág sí an leaba na deich mbliana a chaith sí ansin.Fuair sí bás i 1960. D'amharc Eoin i ndiaidh Teach Bhella cé nach raibh sé i gcónaí foscailte aige. Dhíol sé é le Bernard Mac Fhloinsigh sna seascaidí.


Eoin

Cha raibh Eoin pósta, fear cráifeach a bhí in Eoin a bhí cóngarach don nádúr.

**Madgie.:** Rugadh Madgie sa bhliain 1907. D'imigh sí go Meiriceá go luath ina saol áit ar phós sí Hughie Grant as Fánaid. Chuir siad futhú i Philadelphia. Chaith sí tréimhse sa bhaile lena clann i ndiaidh an chogaidh, sin ón bhliain 1946 go 1948. Bhain an chlann taitneamh iontach as an tréimhse a chaith siad i nGort na Luchóg agus le linn dóibh a bheith anseo ar laethanta saoire

sna blianta atá imithe rinne siad tagairt go rialta de na laethanta a chaith siad ar scoil Mhíobhaigh, go háirithe na táblaí a d'fhoghlaim siad agus an Teagasc Críostaí. Seisear clainne a bhí ag Madgie agus Hughie: beirt ghasúr Sony agus James agus ceathrar girseach, Máire, Peigí, Ellen Ann agus Mona. Fuair Madgie bás sa bhliain 1979.


Madgie


Winnie

**Winnie.** Rugadh Winnie sa bhliain 1910. Chaith Winnie tréimhse i Meiriceá fosta ach char fhan sí ansin rófhada. Phós sí Seán Ó Luodhóg ( Johnny Shéamais) as Dún Dubháin agus bhí ochtar clainne acu ach fuair James, leathchúpla Eoin, bás ag ocht mbliana. Sa bhliain 1956 d'aistrigh siad as Dún Dubháin go Leargán Riach. Bhí Johnny, mar a bhí a shinsear roimhe ina phíolóta ar an an Mhaol Ruadh. D'oibrigh Winnie in Óstán Ros na Binne ar feadh blianta fada. Ochtar clainne a bhí ag Winnie agus Johnny, seisear gasúr, Micí, Padaí, Eoin, James ( fuair sé bás ag ocht mbliana), Hughie agus Séamas agus beirt ghirseach, Susie agus Máire. Fuair Johnny bás sa bhliain 1983.

Sa bhliain 1989 a fuair Winnie bás agus í bliain óna ceithre fichid. Bean charthannach, fhlaithiúil a bhí inti.

**Maggie.**Rugadh Maggie sa bhliain 1912. D'fhan Maggie fá bhaile agus char bhuair sí aghaidh a thabhairt ar Albain ná ar Mheiriceá. Maidin Domhnaigh amháin agus í ag dul 'un Aifrinn i gCarraig Airt thit sí dá rothar ar Mhallaigh 'n Fhraoich agus gortaíodh go holc í. Tugadh í go dtí otharlann Leitir Ceanainn áit ar chaith sí tréimhse faoi chúram na ndochtúirí ansin ach de réir cosúlachta chan mórán a bhíothas ábalta a dhéanamh díthe, bhí sí briste, brúite agus furmhór a cuid easnacha briste. Is


Maggie

dócha i saol an lae inniu go bhféadfaí a cuid gortaithe a chneasú de réir a chéile ach ba saol eile a bhí ann sna blianta sin maidir le cúrsaí leighis de. I ndiaidh di an otharlann a fhágáil chaith sí tréimhse ag a deirfiúr Sally i Mín a' Lábáin ag súil is go dtiocfadh sí chuici fhéin. Ach ar an drochuair cha raibh biseach i ndán díthe agus ina dhiaidh sin tugadh í 'na bhaile go Gort na Luchóg. D'fhulaing sí go mór agus í ar leaba 'n bháis agus bhí a cuid uailleacha pianmhara le cluinstin ar fud an bhaile.

Ba seo 1936 agus fuair Maggie bás ag ceithre bliana is fiche. Cha raibh sí pósta.


Fina

**Fina:** Rugadh Fina, an duine ab óige den chlann, in Eanair na bliana 1914. Chuaigh sí go hAlbain go luath sna triochaidí agus ba sa chathair sin a phós sí Donchadh Hughie Den (Mac Laifeartaigh) as Dumhaigh. Phill siad ar an bhaile lena gclann a thógáil agus bhí teach ar cíos acu sna Dúnaibh go dtí go bhfuair si-ad teach i gCeann 'a Leargaí sa bhliain 1948. Chaith Donchadh furmhór a chuid ama ag iascaireacht lena athair Hughie Den. Bhí an iascaireacht iontach séasúrach san am sin agus iascaireacht scadán agus bradán ba mhó a bhí siad ag déanamh. I ndiaidh dá athair bás a fháil sa bhliain 1956 d'imigh Donchadh a' iascaireacht sna Cealla Beaga ar bhád Georgie Buchan. Cailleadh an bád agus cúigear iascaire, Donchadh ina measc, i nDún Mór Thoir ar an 10 Feabhra sa bhliain 1958. Bhí sé sé bliana agus daichead, chan fhuarthas a chorp ariamh.

Fuair Fina bás i mí na Bealtaine 2002, bhí sí ocht mbliana agus ceithre fichid.

## *Ó Mhín a' Lábáin go Gort na Luchóg.*

Mar a luaigh mé roimhe seo bhí cúpla ag Sally, an iníon ba sine a bhí ag Neilí Eoin agus Micí John, beirt ghasúr, Micheal Joseph agus Danny. Bhí Sally ina cónaí in aice le Mín a' Lábáin agus nuair a bhí an cúpla an-óg socraíodh go gcuirfí gasúr amháin acu chuig an mháthair mhór i nGort na Luchóg, rud a


Micheal Joseph ar chúl an churaigh - B'fhéidir go raibh said ag dul 'un Aifrinn i nDumhach Mór

rinneadh, agus b'é Micheal Joseph a tháinig go Gort na Luchóg. Ba ansin  a tógadh é agus rinne a mháthair mhór agus na h-aintíní uilig a bhí thart air cinnte, agus é ag dul i méadaíocht, gur ansin a milleadh é fosta!

D'inseodh sé fhéin duit go dtáinig sé as Mín a' Lábain go Gort na Luchóg istigh i gcliabh asail agus  mála úllaí sa chliabh eile ach níl mé róchinnte an bhfuil an scéal sin fíor!

Is cinnte gur thuig sé fhéin agus é ag dul 'un aois go raibh saol an mhadaidh bháin aige tigh Mhicí John. Bheadh fhios aige seo nuair a d'fheicfeadh sé an cineál saoirse a bhí aigesean i gcomparáid leis  an saol a bhí ag na páistí óga eile a bhí ar chomhaois leis. Sin an tuige a rachadh sé i bhfolach i gcónaí nuair a chífeadh sé a mháthair ag tarraingt ar tigh Mhicí John ar cuairt. Bhí an – eagla air ansin go dtabharfadh sí é ar ais go Mín a' Lábáin.

## A Óige i nGort na Luchóg.

Is cinnte gur thaitin an saol a bhí aige ina óige go mór leis agus tá neart eachtraí agus imeachtaí a bhain de a bhfuil cuimhne shoiléir aige orthu go fóill.

Cha chaitheann Micheal Joseph toitíní ar bith sa lá atá inniu ann ach bhí sé ag dul daofa luath go leor ina shaol. Ba ghnách le vaein Mhic Nutt a theacht thart ar na bailte fearainn le grósaeraí le linn na mblianta sin. Nuair a bhíodh a mháthair mhór amuigh ag an vaein fá choinne grósaeraí ba ghnách leis scairteadh léithe,  ' Ná dean dearmad ar mo chuid


Teach Chití Bhony

Woodbines' agus cheannódh sí cúpla Woodbine dó. Bhí sé thart fá naoi mbliana fán am seo.Bhí comharsan béal dorais agus fear muinteartha dó, Paidí Eoin, ar shiúl ag an ghuttáil bliain amháin agus nuair a tháinig sé 'na bhaile dúirt sé le Micheal, 'Ta bronntanas agam duit'. Shín sé bosca chuige agus nuair a d'oscail Micheal an bosca cad é a bhí istigh ann ach píopa álainn, tobac agus scian.!

**Airneál, Imirt Chártaí agus Cleasaíocht.**

Ba thart fán aois seo, naoi mbliana, a thosaigh sé a dhul amach go tithe na gcomharsan, áit a mbíodh siad ag imirt chártaí, ag inseacht scéalta nó ag cleasaíocht. Cha raibh teach Chití Bhony ach ar an taobh eile den chlaí uafa agus chaith sé cuid mhaith d'oícheanta a óige fá theach Chití. Deirfiúr do Nead Phaidí, a gcomharsa béal dorais,a bhí i gCití agus bhí siad muinteartha de mhuintir Mhicí John. D'fhoghlaim sé an dóigh le cártaí a imirt tré bheith ina shuí ag amharc ar chuid de na saineolaithe ag imirt. Cúig fichid an cluiche ba choitianta agus ba ghnách a bheith ag imirt chártaí do dhuaiseanna macasamhail cearca, turcaithe, ( ag an Nollaig), bróga agus a leithéidí sin. Is cuimhin leis gur cuireadh asal amach ar na cártaí am amháin ach gur caitheadh an Geimhreadh ag imirt don asal.Cibé duine a bhainfeadh an t-asal chuirfeadh seisean é amach ar na cártaí arís agus lean sé ar aghaidh mar sin ar feadh an Gheimhridh. Nuair a bhíodh an cúig fichid thart ba ghnách leo Brag a imirt – Brag trí chárta agus bhí airgead i gceist anseo. Mheas sé nach raibh sa chúig fichid ach leithscéal sa dóigh go n-imreofaí Brag ina dhiaidh. Ba ghnách le daoine cuid mhaith sola a imirt fosta. Ba ghnách leis a dhul síos 'na Mhill Mhóir fosta, tigh Bhiddy Marley agus tigh Bhrógáin, ag amharc orthu ag imirt.

Bhí iníon le Cití Bhony, girseach a raibh Bríd uirthi abhus tigh Mhicí John oíche amháin agus cha raibh sa teach ach Miché al agus a mháthair mhór, Neilí Eoin. D'éirigh Neilí lag ar chúis éigin agus shocraigh sí go rachadh sí a luí. Chuidigh Micheal Joseph agus Bríd léithe a dhul suas na staighrí ach ag barr na staighrí thit sí i laige. Rith Bríd le heagla mar gur shíl sí go raibh Neilí Eoin marbh agus isteach leí go tigh a huncail Nead Phaidí. Cha raibh duine ar bith istigh tigh Nead ach Nead é fhéin agus é ar a ghlúine ag rá an phaidrín. ' Nach

deas thusa' arsa Bríd leis 'Tú abhus anseo agus Neilí Eoin ina luí marbh'. Tháinig Neilí chuici fhéin dar ndóigh, i ndiaidh do Bhríd imeacht, agus chuaigh sí a luí. Cha raibh sé i bfhad ina dhiaidh sin go dtáinig Eoin 'na bhaile agus cha mhó ná go raibh sé istigh sa teach nuair a bualadh cnag ar an doras. Chuaigh Eoin amach agus bhí Nead Phaidí ag an doras. Bhain sé de a bhairéad, shín sé amach a lámh agus ar seisean le Eoin, ' Dhia Eoin tá mé creathnach buartha fá do mháthair', 'Cad chuige' arsa Eoin. 'Nach bhfuil sí marbh'? arsa Nead. Thosaigh Eoin a gháirí. 'Bhuel scrios Dé ar na boic óga sin' arsa Nead.

## *Pitcheáil.*


Child of Prague

Ceann de na cluichí eile ar ghnách le Micheal suim mhór a bheith aige ann ná an pitcheáil.Bhí airgead i gceist anseo dar ndóigh. Ba ghnách leo a bheith ag imirt i nGort na Luchóg thart fán áit a bhfuil teach John Nead anois in aice leis an bhealach mhór. Ba ghnách le daoine níos sine a bheith ag imirt fosta. Is cuimhin leis a leithéidí Jameas Antoin a' Dochartaigh, Nead Ghallchóir, cuid de chlann Uí Chuilinn, Frank 'ac Aodha, Micí Phadaí Éamoinn ( Mac Giolla Bhríde), agus a dheartháir Nead Phadaí agus daoine eile fosta ó am go chéile a bheith ag imirt agus dar ndóigh istigh ina measc bhíodh Micheal Joseph. Ba ghnách le argóintí agus achrann go leor a bheith anseo fosta.

Bhí dealbh (statue) den 'Child of Prague' ag a aintín Kate ar an tábla sa seomra suí agus bhí sé do ghnás aici ar chúis éigin sé pingine a fhágáil faoin dealbh. Go minic agus é ag pitcheáil rithfeadh sé amach as airgead, ritheadh sé 'na bhaile agus thógadh sé na sé pingine a bhí faoin dealbh ag Kate. Char dhúirt Kate a dhath leis faoi ariamh agus nuair a d'amharfadh sé faoin dealbh cúpla lá ina dhiaidh sin bheadh sé pingine eile ansin.

Níl fhios agam ar chuir an 'Child of Prague' ádh ar bith air agus é ag úsáid na sé pingine sin ag na cártaí nó ag an phitcheáil ach bhí a bhanc príomhaideach

fhéin aige!

## Lá Spóirt I dTráigh a' Locha.

Domhnach amháin le linn an tSamhraidh nuair a bhí sé naoi nó deich de bhlianta d'aois d'imigh sé fhéin agus Paidí Nead anonn go Tráigh a' Locha le Micheal Joseph Bhiddy Marley ( Ó Gallchóir) agus le Micí Bhurns ( Mac Giolla Bhríde). D'imigh siad anonn ar churach go tráigh Dhumhach Mór agus shiúil siad as sin go Tráigh a' Locha agus is cinnte gur siúl fada go leor a bhí ansin. Nuair a bhí an lá spóirt thart bhain siad na bonnaí as ag siúl, ag tarraingt ar ais ar thráigh Dhumhach Mór. Ach ansin bhuail ocras iad, is dócha nach raibh ach an beagán le hithe acu i rith an lae. Nuair a thánig siad a fhad leis an 'Tinpot Row' bhí té a dhéanamh ansin. Nuair a chuir siad a gcuid pingeacha le chéile cha raibh acu ach luach an aráin. Labhair Micheal Joseph Bhiddy Marley le Fear a' Tí agus ar seisean leis: 'Tá muid abhus anseo as Ros Goill agus cad é a thiocfadh leat a dhéanamh dúinn ar dhá scilling' Mar a bheifeá ag súil leis tháinig flaithiúlacht Fhánada chun tosaigh, dúradh leofa a theacht isteach agus a sáith a bheith acu le hithe agus nach mbeadh bunadh Ros Goill ag fágáil ceantar Fhánada agus a ngoile ar a ndroim. Nuair a bhí a sáith ite acu bhuail siad bóthar arís ach dheamhan mórán den bhealach a bhí siúlta acu gur tugadh eolas dófa go raibh ' Convoy' le bheith tigh Phaidí Dhónail i nDumhach Mór an oíche sin. Socraíodh nach dtiocfaí an deis seo a scaoileadh tharstu. Bhí neart le hithe agus le hól ag an 'Chonvoy' agus bhí neart spraoi agus spórt ag Micheal Joseph agus Paidí Ned ach is beag tuisceana a bhí acu don chrá croí agus don imní mhór a bhí fá thithe Ghort na Luchóg. Cha deachaigh duine ar bith a luí, dar ndóigh, mar gur shíl siad a raibh sa churach a bheith báite.

Ach thall i bhFánaid ba scéal eile a bhí ann agus char bhris an 'Convoy' suas go raibh an mhaidin ann agus anall leofa ansin ar an churach. B'iontach an faoiseamh agus an lúchair a bhí ann ar thaobh Ros Goill go raibh achan duine slán sábháilte. Char dúradh rud ar bith le Micheal Joseph sa teach agus cha raibh aige a dhul 'na scoile an lá sin !

## An Hut.



An Hut ar Chnoc Ghort na Luchóg

Ba ghnách leis ruaig a thabhairt suas go dtí an hut ar Chnoc Ghort na Luchóg cuid mhaith laethanta i ndiaidh am scoile. Lean an coimhead ar aghaidh thuas sa hut na ceithre uaire fichid, i sealanna ocht n-uaire. Ba ghnách leis a dhul suas go minic i ndiaidh am scoile agus chuir sé aithne mhaith,de réir a chéile, ar na fir a bhí ag faire: John Rua Phádraig Den (Mac Laifeartaigh) as Dumhaigh, beirt de mhuintir Mhícheáil, sin clann Mhic Pháidín as Dumhaigh, Mánas Eoin ( Mac Giolla Chearra) as Dumhaigh, duine de mhuintir Neaty Nellie as Doire a' Chasáin, Eoin Eoin Mhór ( Mac Giolla Chearra) as an Ard Bhán, Micí Nead Ruaidhrí ( Ó Gallchóir), Doire a'Chasáin, Charlie Willie Fhearghail, ( Mac Pháidín) as na Dúnaibh, Micí Sophie Mac Giolla Bhríde as na Dúnaibh agus Antoin Duffy as Ros na Binne.

Ba sin an Eoin Eoin Mhór a chuaigh ar iarraidh i lár na seascaidí agus nach bhfuarthas tásc ná tuairisc air ariamh ina dhiaidh sin, agus dár ndóigh ba sin an Micí Sophie, athair Antoin a raibh an teach tabhairne aige sna Dúnaibh, 'Tramore House'.

Bhí Telescope thar a bheith láidir agus cumhachtach sa teach faire agus d'fheicfeá longa móra amuigh ag íor na spéire. Ba seo an treo a mbíodh na longa móra ag dul agus iad ar a mbealach go Meiriceá nó go Ceanada. Dá mbeadh fear inteacht ag dul go Meiriceá a mbeadh aithne agat air bhí an gloinne chomh láidir sin go bpiocfá amach é ar an long dá mbeadh sé amuigh ar an deic. Níor chuimhin leis go bhfaca siad rud ar bith as an ghnách ariamh

amuigh ar an fharraige le linn an chogaidh.

## Ag an Hut le Jack.

Le linn an chogaidh (1940/41) bhí s é fhéin agus Maggie Mhandy ( Ní Ghall-chóir) ag ullmhú do scrúdú scoláireachta na Gaeltachta. Ba ghnách le Jack ( Mac Pháidín) a bhí ag teagasc i Scoil Mhíobhaigh fán am seo a theacht 'na scoile ar an Sathairn agus uair nó dhó breise a dhéanamh le Mícheál agus le Maggie. De ghnách nuair a bhíodh an rang críochnaithe aige d'imeodh sé amach go dtí an teach faire. Gluaisrothar a bhí ag Jack san am sin agus ba ghnách leis síob a thabhairt do Mhicheal go Gort na Luchóg. D'fhiafraigh sé do Mhicheal an lá seo an raibh sé thuas ag an teach faire ariamh agus arsa Micheal leis ' Ó cha raibh níl cead a dhul chóir an hut sin'. Char inis sé an fhírinne dar ndóigh mar dá n-inseodh, bheadh fhios ag Jack gur ag caitheamh a chuid ama ar an chnoc a bhí sé in áit a bheith ag déanamh a chuid oibre don scrúdú. 'Bhuel' arsa Jack leis, 'Siúl thusa suas liomsa anois agus gheobhaidh tú isteach'. D'imigh an bheirt acu ag tarraingt ar an bharr agus nuair a shroich siad an 'hut' cuireadh fáilte mhór rompu. Dar ndóigh bhí



An Campa ar an Mheall Mhór



Tráigh Dhumhach Mór trasna ó Ghort na Luchóg

sé soiléir ón chaidreamh a bhí acu le Micheal Joseph go raibh aithne mhaith acu air agus nach seo an chéad uair a bhí sé ansin ach char dhúirt Jack rud ar bith leis faoi.

## *Ag Tarraingt Mhóna.*

Cé gur bhain Micheal sásamh agus sult mór as an saoirse a bhí aige le linn a óige i nGort na Luchóg chan ionann sin agus a rá nach raibh timireachtaí le déanamh aige i ndiaidh dó a theacht na bhaile ón scoil. Bhí ba le tabhairt isteach, móin le tabhairt isteach agus ansin ag brath ar an tséasúr bhí prátaí le cur agus le cruinniú agus go leor obair shéasúrach eile. Go minic nuair a thiocfadh sé na bhaile ón scoil bheadh air na cléibh a chur ar chúpla asal agus a dhul síos 'na Mhill Mhóir le móin a thabhairt 'na bhaile.Bhí an mhóin nó na trioplóga ag muintir Mhicí John amuigh ag an Champa. Nuair a bhíodh na laethanta goirid bheadh sé ag teacht 'na bhaile corruair le coineascar agus char thaitin seo leis mar go mbíodh eagla air sa dorchadas.

Cha raibh cuid mhóna Dinis a'Dochartaigh comh fada isteach ar an Champa le cuid mhóna Mhicí John agus de thairbhe sin thosaigh Micheal Joseph ag tógáil móin Dinis agus sa dóigh sin bheadh sé sa bhaile sula dtitfeadh an dorchadas. Ach is cosúil go bhfuair Dinis amach cad é bhí ag tarlú agus labhair sé le Eoin,

uncail Mhicheal. Cha raibh Dinis ar dhóigh ar bith feargach faoi seo ach tugadh an scéala do Mhicheal J. nach dtiocfadh leis seo a dhéanamh.

## Aifreann i nDumhach Mór.

Bhí am ann sna blianta sin ar ghnách le bunadh Ghort na Luchóg agus Dhún Dúbháin a dhul 'un Aifrinn i nDumhach Mór thall i bhFánaid. B'as Dumhach Mór an Canónach Mac Giolla Chearra agus chaitheadh sé an chuid ba mhó den Samhradh ar saoire ansin. Fear léannta a bhí sa chanónach a raibh cúpla leabhar scríofa aige, an ceann ba mhó cáil acu sin ná 'Ceacht as Leabhar na Cruinne'. Bhí sé ina shéiplíneach ag na saighdiúirí le linn an Chéad Chogaidh fosta agus labhair sé agus scríobh sé faoin slad agus faoin uafás a chonaic sé sna trinsí. Nuair a bhí Micheal Joseph ina mhac léinn i gColáiste Naomh Adhamhnáin bhí an Canónach Mac Giolla Chearra ina Uachtarán ar an Choláiste agus bhí an-mheas ag Micheal Joseph air ach dar ndóigh bhí aithne acu ar a chéile ón am a théadh sé ar Aifreann ina theach i nDumhach Mór. Anonn go tráigh Dhumhach Mór a théadh na curacha agus iad lán le daoine idir óg agus aosta. Bhíodh an oiread sin acu sna curacha go mbíodh orthu seasacht mar nach raibh áit suí ann daofa. Shiúladh siad ón tráigh suas go teach a' tsagairt áit



Micheal Joseph & Caitlín ag ceiliúradh

a mbíodh an tAifreann. Bhí Tobar Beannaithe thall ansin fosta agus ba ghnách cuairt a thabhairt ar an tobar seo fosta. Bhéarann Micheal ruaig anonn go Fánaid, go háirithe go Dumha Mór anois agus arís le súil a chaitheamh thart ar na háiteacha ar chuir sé aithne orthu le linn a óige agus deireann sé cúpla paidir i gcónaí ag an tobar beannaithe seo.

## Slán lena Óige.

D'éirigh le Micheal J scoláireacht Gaeltachta a fháil, ba seo sa bhliain 1941 agus i Mí Meán Fómhair na bliana sin d'fhág sé slán ag saol agus saoirse na hóige agus thug sé aghaidh ar Choláiste Éinde i nGaillimh.

## Glaschú

Thug Micheal Joseph aghaidh ar Ghlaschú go luath ina shaol, cathair ina raibh neart daoine as an Chontae seo. Bhí saol breá aige ansin áit ar chas sé lena bhean chéile Caitlín Ní Dhochartaigh, gurb as Bun Crancha dá hathair agus ba as Irvinestown a máthair. Pósadh é i nGlaschú ar an ochtú lá fichid de Mheán Fómhair 1952. Bhí seisear clainne acu, ceathrar mac—Brian, Pól, Micheál agus Seán, agus beirt iníonach—Máirín agus Caitlín.

Thug Caitlín an chlann go Gort na Luchóg achan bhliain fá choinne saoire an tSamhraidh, baile as baile a bhí ann don teaghlach. Thosaigh an comhlacht lena raibh Micheal Joseph ag obair ar chonradh mór i Barnsley i Yorkshire sna sea-scaidí agus d'aistrigh an teaghlach go Barnsley.

D'aistrigh siad go hÉirinn ag tús na seachtóidí agus bhí post ag Micheal i Luimneach agus ina dhiaidh sin i nGaoth Dobhair agus sna Dúnaibh.

Ar an drochuair, i ndiaidh cúig bliana agus trí fichid a chaitheamh le chéile fuair a bhean Caitlín bás i mbliana. Bean uasal a bhí inti- dílis, ionraice, geal-gháireach, bean a raibh pearsantacht láidir aici.

Tá Micheal i mbarr a shláinte i nGort na Luchóg i gcónaí agus é an bhliain déag agus ceithre fichid. Tá intinn láidir shoiléir aige i gcónaí, é lán de scéalta agus de sheanchas agus is cuideachta iontach atá ann. Gura fada a mhairfeas sé mar sin agus go bhfeicfidh sé an céad agus tuilleadh.

# Féile Chéim Aniar 2017

## Naíonáin Bheaga



Sean Mac Niallaid, Glasán (an chéad áit - Corn an Síbín ceoil), Leah Ní hEarcáin, Duibhlinn Riabhach (an dara háit) , Aisling Nic Phaidín, Dubhlinn Riabhach, Jessica Nic Aoidh, Duibhlinn Riabhach & Amy Rose Ní Dhaibhead, Glasán (an tríú háit roinnte).



## Naíonáin mhóra

Cara Nic Eitigean, Cill Mhic nÉanáin (an chéad ait - Corn Leaslaí U. Lúcas), Padaí Mac Phaidín, Duibhlinn Riabhach (an dara háit), Emma Nic Aoidh, Glasán & Katie Nic Giolla Bhríde, Duibhlinn Riabhach (an tríú háit roinnte).



## rang 1

Cian Mac Suibhne, Céim Aniar (an chéad áit - Corn Óstán na Trá), cara Ní Shiom, Cill Mhic nÉanáin (an dara háit), Jamie Ó seachnasaigh, Donagh Ó Dochartaigh, Gráinne Ní Fhríl & Martin Corbett, Cill Mhic nÉanáin & Máire Ní Fhríl, Caiseal (an tríú háit roinnte)

## rang 2

Sadie Níc Éiteagain, Cill Mhic nÉanáin (an chéad áit - Corn na Comhairle Contae), Clíodhna ní Chonaill, Ceim Aniar (an dara háit), Treasa Nic Éiteagain, Droim Eochaill, Cait Ní Chameron, Cill Mhic nÉanáin & Cormas Mac Suibhne, Cill Mhic nÉanáin (an tríú háit roinnte) leis an mholtóir, Miséal Nic Grianna



Cláraíodh 148 páiste do Chomórtas Aithris Filíochta Chéim Aniar a bhí ar siúl Dé Sathairn, 3 Nollaig, in Áras Ros Goill, Na Dúnaibh. Bhí lá mór againn agus bhí an dá sheomra plódaithe le daoine, idir páistí, tuismitheoirí agus an lucht gaolmhara. Bá seo an t-ochtú bliain don Fhéile a bheith ar siúl agus tá lúcháir orainn go bhfuil an comórtas ag dul ó neart go neart. Chan iontas ar bith é na tuismitheoirí a bheith chomh bródúil ar an lá agus iad ag amharc ar a gcuid páistí ina sheasamh os comhair an tslua ag aithris na ndánta. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis na moltóirí, Miséal Nic Grianna agus Noel Ó Gallchóir agus le Meitheal Mhíobhaigh as an fhoirgneamh a chur ar fáil dúinn don lá. Tá moladh mór tuilte fosta ag na páistí uilig a ghlac páirt agus ag a dtuismitheoirí agus a múinteoirí a chuidigh leo fáil réidh don chomórtas.

## rang 3



Séan Ó Ceanainn, Cill Mhic nÉanáin (an chéad áit - Corn Óstan Bhá na nDúnaibh), Alex Ó Cuilinn, Duibhlinn Riabhach (an dara hait), Éoin Bamforth, Céim Aniar, Cathal Ó Gormáin, Cill Mhic nÉanáin, Ava Nic Giolla Bháin, Caiseal (an tríú háit roinnte) leis an mholtóir, Noel Ó Gallchóir



## rang 4

Aoibhe Ní Chuinn, Cill Mhic nÉanáin, (an chéad áit- Corn Raidió na Gaeltachta), Maitiú Ó Canainn, Cill Mhic nÉanáin (an dara háit), Micheál Ó Mórdha, Céim Aniar, Meadbh Ní Chonaill, Céim Aniar & Lauren Ní Mhaolonaigh, Cill Mhic nÉa-náin (an tríú háit roinnte) leis an mholtóir, Noel Ó Gallchóir.



## rang 5

Máire Ní Chanáin, Cill Mhic nÉanáin (an chéad áit - Corn Ros na Binne) , Áine Ní Chonaill, Céim Aniar (an dara háit), Bríd Nic Eiteagáin, Cill Mhic nÉanáin & Róisín Ní Choinnigh (an tríú háit roinnte) leis an mholtóir, Noel Ó Gallchóir.




## rang 6

Eibhlin Ní Phiondair, Cill Mhic nÉanáin (an chéad áit - Corn Ghuth Ghoill), Kiera Ní Chiaráin, Céim Aniar (an dara háit), Dayna Ní Chanáin, Cill Mhic nÉanáin, Sorcha Nic Phaidín, Ceim Aniar, Rónán Pasoma, Céim Aniar, Kayla Ní Ghallchóir (an tríú háit roinnte) leis an mholtóir, Noel Ó Gallchóir

# Siflíocht

Tá mé ag teacht ar an tuiscint anois nuair a insíonn duine dom nach bhfuil barraíocht le rá acu faoi bhéaloideas go bhfuil níos mó le rá acu ná mar a síleann siad. Mura bhfuil ann ach cúpla focal, is cúpla focal sa bhreis é, ó mo thaobhsa de, le cur le tobar oidhreachta an pharóiste. Bhí mé féin fosta den tuairim nach raibh eolas ar bith agam ar an ábhar seo in am amháin. Bhí mé ag úsáid leithscéalta cosúil le nach raibh cónaí orm fada go leor sa cheantar, deich mbliana ina iomláine i m'óige, chun aithne a bheith agam ar nósanna na háite agus ar an dóigh áirithe ar tógadh na daoine leis an bhéaloideas. Ach nuair a chuirim an cheist chéanna ar dhaoine eile ón áit faoin tuiscint atá acusan ar an ábhar seo, níl siad cinnte faoi caidé atá i gceist ach an oiread. Tá mí-thuiscint, i mo thuairim, ag an phobal i gcoitinne faoi agus tá lúcháir orm, nó b'fhéidir díomá, nach raibh mé ar mo chuid féin faoi seo.



Tá go leor scéalta faoi shióga, nósanna agus ócáidí stairiúla, chomh maith le seanscéaltaí, i Roinn Bhéaloideas Éireann i mBaile Átha Cliath. Seán Ó hEochaidh agus Liam Mac Meanman a chruinnigh na scéaltaí seo ó 1936 ar aghaidh sa pharóiste seo. Thug Máirtin Ó Cadhain é féin turas chun na háite le bailiúchán a dhéanamh. Chuala mé go minic gur siflíocht a tugadh do na bailitheoirí seo agus gur ag cumadh scéaltaí a bhí an pobal le tabhairt dóibh. Ach in ionad siflíocht, tá líofacht scéalta le móitífeanna ó Scéalta Idirnáisiúnta cosúil leis an Bráthair Bán agus Leithscéal na mBan a thug Pádraig Ó Siadhial ón Ard Bán agus na scéalta a thug Mághnus Ó Cuillinn as Duibhlinn Riadhach agus Séamus Ó Ludhóg as Tullach. Má tá scéalta áitiúla á gcuartú ag duine thug Brian Ó Dubhaigh as Baile an tSléibhe scéal breá faoi é féin a bheith ar fostú, agus thug Niall Cuilinn as Dún Dubháin scéal ghreannmhar faoin Síbín Cheoil i gCleas ag Síbín. Tá scéaltaí ar nósanna na háite ó Bean Mhic Eiteagáin as na Dúnaibh, scéal ar Rí na Síogannaí ó Liam Cuilinn, Willie James as Dún Dubháin, agus scéalta farraige ag Sheáin Uí Luadhóg, Cionn a' Learga. Más siflíocht atá i gceist b'fhéidir gur cheart dúinn teidil úr a thabhairt don Bhéaloideas, an tSiflíocht.

Chuala mé trí scéal le tamall faoi easóga agus an nádúr a bhíonn acu nuair a fhaigheann ceann acu bás. D'inis comharsan do mo chuid as Cluain tSaileach dom go raibh fear de chuid an Bhaile Thiar amuigh lá amháin faoin Bhinn Mhór ar Gháinne agus go bhfaca sé easóg amháin ag iompar easóg eile a bhí marbh agus róidín easóga ag siúl ina dhiaidh ina líne. D'imigh siad as amharc isteach fríd na clocha agus chan fhaca sé níos mó iad.


Labhair mé le fear eile ón Uachtar a chonaic, mar a shíl sé, tórramh easóige.

Tharla seo sna seachtóidí dó agus bhí sé thart ar fhiche bliain d'aois ag an am. Bhí sé ar an phortach i dTulach agus é leis féin ar an lá seo. An chéad rud a dúirt sé liom ná nach raibh barraíocht le rá aige faoin ábhar ach go raibh sé ag tabhairt amach a chuid móna an lá seo le hasal agus le cléibh chun í a fágáil ar thaobh an bhealaigh. San am sin cha raibh ach cúpla tarracóir san áit agus dúirt sé gur le béitheach agus cairt a bheadh sé féin á thabhairt 'na bhaile. Chuaigh sé suas 'na chnoic ag a deich a chlog an mhaidin sin agus bhí sé ann thart ar dhá uair a chloig nuair a d'amharc sé ar na cnoic os a chionn le carraigeacha móra ag gobadh amach astu agus chonaic sé idir tríocha agus caoga easóg ag tarraingt air amach as na carraigeacha. Tháinig siad fá fhad fiche slat dó agus shuigh siad ar a dtóin lena gcuid cosa tosaigh in airde acu agus bhí siad ag caidreamh eatarthu féin agus ag amharc air. Bhí eagla an domhain air agus bhí sé ag smaoineamh ar a aghaidh a thabhairt ar an bhaile ach d'imigh siad chomh tapaidh agus a tháinig siad. Char chuala sé iad ag feadaíl nó chan fhaca sé iad ag iompar corp easóige ach an oiread ach bhí sé den bharúil gur tórramh a bhí idir lámha acu. Char bhain sé barraíocht móna ina dhiaidh sin i dTulach. Chan é go raibh eagla air dhul ar ais ansin, a d'inis sé dom, ach go raibh deireadh na móna gearrtha sa bhachta aige.

Chuala mé go bhfaca fear eile as an Íochtar tórramh eile easóige agus tharraing mé air. An chéad rud a dúirt sé liom ná nach raibh barraíocht le rá aige faoi ach go raibh sé ag teacht 'na bhaile ó Scoil Mhíobhuí lá amháin nuair a scairt comharsan air agus thaispeáin sé easóg dó ag teacht amach as faoi thor le heasóg mharbh ina bhéal aige lena ceann thar a ghualainn aige agus ceithre easóg eile ag siúl ina dhiaidh. Shiúil na heasóga tharstu agus iad breá clósailte dóibh agus chuaigh siad isteach i bpoll i gclaí. "Sin a raibh ann, go díreach" a dúirt sé liom.

Cé gur sin a raibh ann, insíonn seo dúinn go leor faoin nádúr atá in easóga agus nach bhfuil siad chun ceann dá gcuid féin a fhágáil marbh áit ar bith. Cé acu an iompraíonn ceathrar acu an easóg mharbh, nó an iompraíonn easóg amháin í, nó cé acu ar chuir an fear sin ón Uachtar isteach ar fhaire easóige an lá úd i dTulach, tá na trí scéalta ag cur leis an tsiflíocht seo agus ag cur le tobar na hoidhreachta sa pharóiste. Thig linn a fheiceáil fosta go raibh na daoine níos giorra don nádúr siar sna blianta ná mar atá siad anois. Cé nach bhfuil barraíocht daoine thart anois fán áit a d'fhéadfadh scéal idirnáisiúnta a insint duit a chuala siad ón tsean mhuintir, tá cuimhne ag achan duine ar shiflíocht de shórt éigin a chuala siad agus uaidh seo thig linn pictiúir a chur le chéile ar shaol a bhí i dTír Chonaill ag tús an chéid seo caite agus roimhe sin.

*Fia Ann.*






Rugadh Paidí i nGort na Bráide  sa bhliain 1938. Seachtar clainne a bhi aige fhéin agus ag a bhean chéile, Máire Agnes, ceathrar gasúr agus triúr girseach. Nuair a phill Den agus Kitty, a athair agus a mháthair ‘na bhaile ó Mheiriceá bhi beirt chlainne acu agus chónaigh siad i dteach Mháire Shéimí. Thóg Den siopa i nGort na Bráide ag taobh na seanscoile agus bhain sé a shlí beatha amach as sin. Bhog siad go Tir Lachan sa bhlian 1946 nuair a cheannaigh Den feirm a raibh teach dhá  stór  sé sheomra istigh leis, teach iontach mór na blianta sin. Dhíol sé £800 fána choinne, léar airgead ag an am. B’in a bhaile anois agus sin an teach ar chaith Paidi an chuid eile dá shaol ann. Nuair a bhi sé ag fás suas bheadh sé ag cuidiú thart fán fheirm agus fán tsiopa. Duine cliste a bhi ann agus bhí sé an- mhaith lena chuid lámha. Bhí sé an- soiléir luath ina shaol go raibh glór iontach aige. Ní dhéanfadh sé difir ar bith caide’n cineál cruinnithe a bheadh  fá theach, bfhéidir gur baisteadh a bheadh ann nó dá mbeadh duine  ar bith  ag imeacht ar imirce agus go mbeadh convoy acu chaithfeadh Paidi a bheith ansin agus ba chuma cá mhéid amhrán a cheolfadh sé ni bheadh an oíche críochnaithe, nó léar don am an mhaidin, go gcluinfeadh siad ‘Deep Sheep Haven Bay’. Níl amhras ar bith, óg agus mar a bhí sé, go raibh a ainm i mbéal  a’ phobail. Bhi suim an -mhór aige  in innealra



Paidí lena dheartháir, Dónal


de chineál ar bith agus níor chuir sé iontas ar dhuine ar bith nuair a fuair sé tractor agus gur thoisigh sé ag obair amuigh fríd a' tír. Bhí na feirmeoirí uilig ag cur bairr agus ag baint bairr ar a gcuid feirmeacha ag an am seo agus bhí go leor oibre le déanamh agus bhí an tractor i bfhad níos gaiste ná na beithigh. Bhí Paidí iontach maith ag foscailt na ndruileanna, bheadh siad comh díreach le barraile gunna agus, lena chois sin, bhí sé ábalta na prátaí a chlúdach sna druileanna leis an tractor fosta agus de thairbhe sin bhí sé an-ghnoitheach ar fad. Bhí sé chomh gnoitheach sin gurbh éigean dó tractor eile a cheannacht agus b'eigean dó tiománaí eile a fháil ansin le cuidiu leis. Nuair a tháinig an Fómhar cheannaigh sé inneall bainte coirce (reaper) ansin leis an choirce a ghearradh. Ní raibh mórán innill den tsórt seo sa cheantar agus bheadh i gconai traidhfil cruinnithe thart go bfheicfeadh siad é ag obair. Bhí léar innealllra ag Paidí anois ach má bhí fhéin bheadh rudai ag briseadh síos ó am go h-am, ach mar a dúirt mé bhí Paidí maith lena chuid lámha agus bhí sé go sona sásta ina luí ar a dhroim faoi tractor agus é a chóiriú is dá mbeadh sé amuigh ag tiomáint. Cheannaigh sé binder ansin, bhí an binder ábalta an coirce a ghearradh agus na sopógaí a cheangal ag an am amháin agus ní bheadh ag na feirmeoirí le déanamh ach iad a chur ina sheasamh suas agus stucaí a dhéanamh astu ansin. Gnoitheach is mar a bhí sé leis an fheirmeoireacht cheannaigh sé guitar mar go raibh a chroi istigh sa cheol fosta. Bhuail sé suas le Andy Mac Pháidín (fear an phoist) agus chuaigh siad thart ag imirt fá na tithe leanna, Padaí ar an ghuitar agus Andy ar an fhidil. Bhí na 'singing lounges' ag dul go maith san am. Bhí deartháir ag Andy, a raibh John air, agus bhí sé maith ag damsha ,(step dancer a bhi ann) agus bhí

Paidí an feirmeoir



siad an bhródúil ar fad nuair a fuair siad cuireadh go Baile Átha Cliath le páirt a ghlacadh ar chlár teilifíse a bhí ann ag an am sin darbh ainm 'Bring Down The Lamp'. Dá mbeadh siad ag bualadh inniu bfhéidir go mbeadh siad ar an an X-FACTOR .Bhain siad sult mór as sin agus nuair a phill siad 'na bhaile bhí cuireadh faighte acu le dhul siar go dtí an Fhál Carrach go dtí an Rye River Inn. Seo áit a bhí ag dul iontach maith ag an am. Bhí sé lán go doras agus oíche go maidin acu. Bhain Paidí sult mór as oícheanta mar sin. Bhí go leor de na h-oícheanta sin ag an am mar go raibh Féile in achan bhaile i rith a' tSamhraidh agus go leor oibre do ghrúpaí ceoil go háirithe ag deireadh na seachtaine. Caithfidhse go raibh sé doiligh coinneáil ag dul, amuigh ag seinm mall san oíche agus amuigh ag obair i rith a' lae agus daoine ag fanacht ort agus ag cur brú ort. Ach duine láidir a bhí in Paidí agus char bhain sé a dhath as agus lena chois sin cha raibh brú ar Phaidí am ar bith, sin an cineál duine a bhí ann. Rud eile fá Phaidí, bhí sé dílis dá chreideamh agus múinín mór aige sa chomaoineach. Ní dhéanfadh sé difir dá mbeadh sé luath nó mall oíche Shathairn bhí sé i gcónaí ag an Aifreann maidin Dé Domhnaigh. Bhí sé i gcónaí mar bhall den chór a bhí i dTeach a' Phobail.

Oíche amháin i mí Lúnasa 1970 agus é mall san oíche bhí Paidí ar an bhealach 'na bhaile ó theach faire ar a ghluaisrothar (motor bike) nuair a tháinig sé ar dhroch thimpiste ag an Teach Dearg. Bhuail carr in éadan an bhalla agus bhí beirt fhear óga gortaithe go holc. Bhí Sadie Ní Ghallachóir ina cónaí ar an taobh eile den bhealach mhór agus chuala sí an tormán. D'éirigh sí go gasta agus amach léithe, bhí duine de na fir ag cur fola go trom. Thug sí fá dear go raibh sé ag slogadh a theanga agus go raibh an fhuil ag dul ar ais ina bhráid, ní



Paidí & a bhean cheile Máire Agnes

mhairfeadh sé i bhfad. Is maith an rud gur banaltra a bhí in Sadie agus bhí fhios aici caidé le déanamh agus stad sí an fhuil ó bheith ag dul ar ais ina bhráid. D’fhan sí leis go dtáinig cuidiú.

D’imigh Paidí comh gasta agus a thiocfadh leis, leis an Dochtúir Ó Ceallaigh a fháil. Bhi ceo iontach trom an oiche chéanna sin agus maraim go raibh Paidi ag dul ró-ghasta agus d’imigh sé den bhealach mhór thíos ag croisbhealaigh Oileán a’ Bhráighe. Ghortaigh sé a chois,  bhí a ghluaisrothar briste agus míle aige le dhul go fóill. Rith sé an chuid eile den bhealach agus chuir sé an Dochtúir Ó Ceallaigh ina shuí agus d’inis sé an scéal dó. Chuir an dochtúir isteach scairt fá choinne otharcharr a fháil amach go gasta agus d’imigh sé fhéin agus Paidí go láthair na timpiste. Rinne an dochtúir a dhícheall dóbhtha go dti go dtáinig an otharcharr agus tugadh ar shiúl iad go dti an Oispidéal ansin. Tháinig biseach orthu agus tá siad beo folláin go fóill. Cúpla lá i ndiaidh na timpiste bhí cois Phaidí nimneach go fóill, moladh dó a dhul ag an dochtúir agus caidé do bharúil ná go raibh cnámh briste ina chois. Tá  mé cinnte go raibh pian tréan ina chois oiche na timpiste agus an mhíle dheireanach a reáchtail aige leis an dochtúir a fháil, ach ag smaoineamh ar an mhuintir a bhí gortaithe a bhí Paidí agus ní ar fhéin, sin an cineál duine a bhí in Paidí.

Bhí Paidí lán den ghreann fosta, is minic a bheadh gáire maith agat ina chuideachta. Lá eile bhí Paidí ar a bhealach isteach go teach leanna i gCarraig



Paidí an ceoltóir


Paidí ag smaoineamh ar scéal maith

Airt nuair a fuair sé nóta 20 punt ina luí ag an doras. Bhí cúpla duine istigh sa bharra agus chuir sé ceist orthu ar chaill duine ar bith acu airgead ar bith. Dúirt siad uilig nár chaill , 'maith go leor' arsa Paidí, 'gheobhaidh muid deoch air'. Chuir fear a' bharra suas deoch dóbhtha agus bhí siad an-sásta le sin. An chéad rud eile d'oscail an doras go tobann agus tháinig fear isteach agus cuma chrosta air. 'An bhfaca sibh airgead ar bith 'na luí thart' a duirt sé, 'Chaill mé nóta 20 punt' a dúirt sé, 'Ní bheadh sé ró-dhoiligh é a aithne mar go bhfuil poll beag ann' Níor labhair duine ar bith ach d'amharc siad ar Phaidí. Thiontaigh Paidí thart agus ar seisean 'Bhuel, tá poll i bhfad níos mó ann anois' Cha mhó ná go raibh an scaifte a bhí ansin ábalta seasamh leis an gháire. Chrom an fear bocht a cheann agus shiúil sé amach an doras.

Phós Paidí Máire Agnes Ní Chuilinn ar an 29ú lá de Mheitheamh 1974. As an Bhruach Dhearg a muintir agus chaith siad tréimhsí i nGlaschú ach phill siad arais go Bruach Dearg agus phós sí Paidí. Ceoltóir den scoth a bhí in Máire Agnes agus bhí sí an- mhaith ar an fhidil fosta. Tá a iníon, Sarah, ina cónaí ar an Bhruach Dhearg go fóill. Ghlac achan duine leis go mbeadh siadsan uilig maith ag dul don cheol fosta agus bhí an ceart acu. Ní raibh uirlís ceoil ar bith nach dtiocfadh leofa bualadh agus ghlac siad uilig páirt ar dtús i mbanna ceoil Scoil Dhuibhlinn Riabhach agus ansin nuair a bhí siad rud beag níos sinne bheadh siad amuigh ag seinm le Paidí anois agus arís. Bhí Paidí iontach maith dá theaghlach agus bhí sé go bródúil astu nuair a bhi siad ag cur lena gclú.

Bhí Paidí ina bhall d'Aisteoiri Mhiobhaigh agus aisteoir maith a bhi ann fosta. Bhi muid istigh i dteach leanna i nGaillimh oíche amháin i ndiaidh an Fhéile Náisiúnta agus fuair muid Paidí suas le amhrán a cheol. Áit mhór a bhí ann, bhí trí bharra sa teach agus scaifte in achan cheann acu ach sula raibh Paidí críochnaithe bhí siad uilig ag brú isteach le héisteacht leis an fhear a raibh féasóg mhór dhearg air agus glór aige nach dtiocfadh leofa a chreidbheáil. Fuair sé bualadh bos iontach agus bhí achan duine ag iarraidh lámh a

chroitheadh leis. Sin an cineál duine a bhí in Paidí, ghlac achan duine go mór leis.

Sa bhlian 2015 bhí Féile Fómhair Charraig Airt amuigh i gcuibhreann ar eastát na Maoil Ruaidhe ag taispeáint an dóigh ar gearradh an coirce ón tseanam anall. Ghlac Paidí nóisean go dtabharfadh sé an Binder amach. Bhí an Binder ina luí gan úsáid le fada mar gur stad muintir na h-áite ag cur coirce agus ní raibh úsáid ar bith díthe anois. Chaith se fhéin agus Mícheál, a mhac, cúpla lá ag iarraidh í a chóiriú agus bail a chur uirthi, bhí sí ag titim as a chéile. Cibé ar bith amach leofa Lá na Féile go dtí an chuibhreann choirce agus thoisigh sé ag gearradh agus bhí sí ag caitheamh amach na sopóga comh flúirseach leis a' chéad lá a fuair sé í. Thug sin sásamh millteanach do Phaidí an lá sin agus nach iontach an rud é gurb é sin, is dócha, an píosa deireanach d'obair feirme ar ghlac Paidí páirt ann .

Thug daoine fá dear nach raibh Paidí ag ceol mórán le tamall, ach ar an drochuair bhí Paidí tinn. Chaith sé tamall goirid in Otharlann Leitir Ceanainn ach tháinig sé 'na bhaile. Bhí fhios ag Paidí go raibh an deireadh ag teacht, ach mar a dúirt mé bhí creideamh láidir aige agus ghlac se leis. An rud ba thábhachtaí i saol Phaidí i gcónaí ná a bhean agus a theaghlach. Bhi siad uilig ag a thaobh anois ag fanacht - corruair ag ceol, corruair ag rá paidir, corruair eile ag comhrá agus corruair ina suí ansin go suaimneach. Tráthnóna Déardaoin ar an 4ú lá fichid de mhí Lúnasa 2017 fuair Paidí bás .Nuair a chuaigh an scéala amach go raibh Paidí marbh thit uaigneas ar an pharóiste. Thainig na sluaite chuig an fhaire agus chuig a thórramh. Ní fhaca mé scaifte cosúil leis ariamh agus nuair a cheol Daniel, a mhac, cúpla bhéarsa de 'Deep Sheep Haven Bay' ag deireadh an Aifrinn ní raibh súil tirim i dTeach a' Phobaill. Tá fhios agam go gcluin muid seo ó am go h-am ach tá mé cinnte i gcás Phaidí de go bhfuil sé iontach fíor - ní fheicfidh muid a leithéid arís. Go nDéana Dia Trócaire ar a Anam Dilís.


Paidí lena dheirfiúr, Bríd

*- Seosamh O Cuilinn.*

# Comórtas Peile na Gaeltachta.



Beidh sé mar chúram agus mar onóir ag CLG Na nDúnaibh an comórtas náisiúnta de Chomórtas Peile na Gaeltachta a reáchtáil anseo sna Dúnaibh le linn deireadh seachtaine na Cincíse an bhliain seo chugainn 2018.Beidh na sluaite ag tarraingt ar an cheantar don ócáid mhór seo agus is cinnte go gcuirfear fáilte chroíúil rompu uilig. Dar ndóigh chan seo an chéad uair don Chomórtas Náisiúnta a bheith anseo mar gur reáchtáil cumann peile na nDúnaibh an comórtas sa bhliain 1986. Is cinnte gur iomaí cor agus casadh sa tsaol ó shin, sin dhá bhliain déag agus fiche ó shin. Tá cuid mhór daoine idir óg agus aosta a bhí linn san am sin ach atá anois ar shlí na fírinne agus an mhuintir a bhí i mbláth na hóige san am sin anois ag dul siar i mblianta.

Tá athruithe móra tagtha ar an chomórtas fhéin. Tá an cailín Gaelach agus Tráth na gCeist againn i gcónaí ach tá méadú mór ar líon na gcluichí de thairbhe go bhfuil méadú tagtha ar an líon foirne atá ag glacadh páirt agus lena chois sin tá comórtas na mban mar pháirt don chomórtas anois fosta cé nach bhfuil sin oifigiúil go fóill. Le léargas a thabhairt maidir leis an mhéadú atá tagtha i líon na gcluichí níl againn ach le comparáid a dhéanamh idir clár na gcluichí sna Dúnaibh i 1986 agus i dTuar Mhic Éadaigh 2017.

Sna Dúnaibh i 1986 bhí seacht gcluiche ar an Satharn, ceathrar ar an Domhnach agus na cluichí ceannais ar an Luan.

I dTuar Mhic Éadaigh anuraidh bhí cúig chluiche dhéag ar an Satharn, sé chluiche ar an Domhnach agus na cluichí ceannais ar an Luan.

Ciallaíonn seo go bhfuil sé riachtanach go mbeadh trí pháirc in úsáid anois ag an chlub áitiúil leis an chomórtas náisiúnta a reáchtáil go héifeachtach. Lena chois sin beidh sé sheomra feistís riachtanach.

Tá cuid mhór obair ullmhúcháin ar siúl ag an chumann faoi láthair, obair ullmhúcháin atá riachtanach le go mbeidh deathoradh ar an chomórtas. Tá na páirceanna chor a bheith réidh agus tá fál den scoth thart orthu agus lena chois sin tá dhá sheomra feistíse úra tógtha fosta. Níl anseo ach tús na hoibre agus chosain an obair seo ar fad i ndeis de €200,000. Cé go bhfuarthas deontaisí le cuidiú linn an obair seo a dhéanamh cha chlúdaíonn na deontaisí ach céadatán den chostas.

Tá cuid mhór obair athchóirithe le déanamh ar an Ionad fhéin, tá sé le péinteáil agus leoga tá cuid mhór obair dheonach déanta air le roinnt míosa. Tá athchóiriú le déanamh ar an halla mór agus ar an chistin chomh maith le uasghrádú ( upgrading) a dhéanamh ar an chóras teasa agus ar an chóras fuaime. Cosnóidh seo uilig neart airgid agus is de thairbhe seo atá an cumann ag reáchtáil cranchur mór, cosnaíonn na ticéidí €50 agus is cinnte go bhfuil tacaíocht mhaith ag teacht ó bhunadh na háite sa bhaile agus i gcéin. Nuair a tógadh an t-ionad sa bhliain 1983/84 thug bunadh an cheantair an-tacaíocht don togra sin agus is cinnte go gcuirfidh siad a ngualainneacha leis an iarracht mhór seo fosta.

Tá cuid mhór páistí páirteach sa chumann anois idir ghasúraí agus ghirseachaí agus cibé obair fhorbartha agus obair athchóirithe a dhéanfar anois is iadsan agus na glúnta atá le teacht is mó a bhainfeas tairbhe as. Agus tá spóirt, spóirt de chineál ar bith tábhachtach don óige.



Nuair a thiocfas deireadh seachtaine na Cincíse beidh cuidiú a dhíth, mar sin na bíodh leisce ar bith ort a chur in iúl don chumann go bhfuil tú ar fáil le cuidiú a thabhairt.




GEATA CHUN NA GAEILGE

GATEWAY TO THE IRISH LANGUAGE

Foras na Gaeilge

BAILE ÁTHA CLIATH · BÉAL FEIRSTE · RÁTH CHAIRN · GAOTH DOBHAIR

www.forasnagaeilge.ie

Údarás na Gaeltachta

An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com